



**OPW**

Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

## Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú

Optimising Power @ Work

Clár feasachta fuinnimh foirne  
OPW ar fud an stáit I gcomhair  
comhlachtaí poiblí

OPW's state-wide staff energy  
awareness programme for  
public bodies





Optimising Power @ Work is a state-wide staff energy awareness programme supporting our participants' energy saving efforts in Central Government buildings since 2008 and the wider Public Sector since 2014.

The goals of Optimising Power @ Work are to identify and eliminate energy waste.

This is achieved through engagement with staff to encourage behavioural change and optimise building controls.

# Targets

Ireland aims to become a net-zero economy by 2050, which requires a 50% energy efficiency improvement in the public sector by 2030, as per the Climate Action Plan. This sets the context for the Optimising Power @ Work programme to 2030.



**50% energy efficiency  
improvement by 2030**

# A track record of success



**8% Savings in Year 1**

**13% Savings in Year 2**

**18% Savings in Year 3**

Optimising Power @ Work Energy Advisors work with each participating organisation to set SMART annual targets.

Buildings in the Central Government portfolio typically demonstrate average savings of 8%, 13% and 18% in the first three years of the programme respectively.

Savings in other sectors tend to be more modest due to varying occupancy patterns and operational models.

# Campaign savings

The Central Government programme commenced in 2008 and has achieved average annual savings of 30% across the 300 participating buildings, making it the largest and most successful campaign of its kind in Ireland.

The wider Public Sector campaign commenced in 2014 and has achieved average annual savings of 10% across 57 participating sites.



# What makes **Optimising Power @ Work** different?

The programme provides a range of tools, activities and support structures, designed to bring together the very best in research, technology, innovation and creativity.

These resources are used to create a specific energy saving plan for each building combining technology, specialist expertise and staff engagement.

## Three key elements



**Technology**

**Specialist Expertise**

**Staff Engagement**



1

## Technology

Dedicated energy monitoring systems are installed to record electricity and fuel consumption in near real time. This granularity of data brings focus to potential areas for improvement in participating buildings.



# 2

## Specialist Expertise

An Optimising Power @ Work Energy Advisor is appointed to each building and meets regularly with the Energy Team. The Energy Advisor offers insights into where energy savings may be achieved and helps target these through staff engagement, optimising building controls and other zero or low cost measures.





# 3

## Staff Engagement

Your Energy team will be supported to engage with staff, eliminate energy waste and promote behavioural change. Our energy portal will give you access to a range of downloadable resources. Active engagement in the initiative by the building's management team and staff is essential to the programme's success.

# Participant endorsements

*“Monthly meetings with our advisor are invaluable. Having a person to meet with and discuss my building's performance one-on-one is exceptionally beneficial.”*

*Optimising Power @ Work keeps energy consumption central to our work and the monitoring of energy consumption is now firmly embedded into our work flows.”*

*“The Optimising Power @ Work program has helped our organisation to identify energy wastage and has raised awareness of the positive impact that each member of our organisation can make towards reducing our greenhouse gas emissions.”*

*“It is a great service that keeps everyone focused on how much we're using and saving.”*

*“We have made significant changes to our staff behaviour and successfully campaigned to improve our energy infrastructure. The savings achieved would not be possible without the support of the program.”*

*“Our Energy Advisor carries out audits and compiles reports. These identify opportunities for energy saving - often simple changes we would not have known about without his advice.”*

*“I really appreciate the support from the Energy Advisor. The info we send out to staff is all your work and makes the job easier. The Energy Adviser is the driving force.”*

A large, stylized opening quotation mark icon in a light green color, positioned inside a white speech bubble with a dark green border.A large, stylized closing quotation mark icon in a light green color, positioned inside a white speech bubble with a dark green border.

# Tier 1

- ✓ Energy Advisor Support
- ✓ Monthly meetings with Advisor
- ✓ Monthly energy reports
- ✓ Annual energy report
- ✓ Energy monitoring loggers
- ✓ CEDaR database access
- ✓ BMS audits
- ✓ Out-of-hours audits
- ✓ Building energy audit (Central Gov. only)
- ✓ A register of opportunities compiled
- ✓ Support for feasibility studies
- ✓ Annual campaign plan
- ✓ Onsite staff engagement events
- ✓ Online staff engagement events
- ✓ Staff presentations / training
- ✓ Energy Portal access
- ✓ E-Bulletin subscription
- ✓ National energy saving competitions
- ✓ Focus groups

# Tier 2

- ✓ Energy Advisor Support
- ✓ Quarterly meetings with Advisor
- ✓ Quarterly energy reports
- ✓ Annual energy report
- ✗ Energy monitoring loggers
- ✗ CEDaR database access
- ✓ BMS audits
- ✓ Out-of-hours audits
- ✗ Building energy audit
- ✗ A register of opportunities compiled
- ✗ Support for feasibility studies
- ✓ Annual campaign plan
- ✗ Onsite staff engagement events
- ✓ Online staff engagement events
- ✗ Staff presentations / training
- ✓ Energy Portal access
- ✓ E-Bulletin subscription
- ✗ National energy saving competitions
- ✗ Focus groups

# Tier 3

- ✓ Energy Portal access
- ✓ E-Bulletin subscription

Participation in the Optimising Power @ Work programme is facilitated as a tiered scheme, depending on each facility's annual energy consumption and the potential for energy savings.



**OPW**

Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

If you would like to find out more about how your organisation can apply to participate in the Optimising Power @ Work programme please contact us.

Visit: [www.opw-energy.ie](http://www.opw-energy.ie)

Email: [info@opw-energy.ie](mailto:info@opw-energy.ie)

Online Application Form

Energy Conservation Unit,  
Office of Public Works,  
1GQ Georges Quay, Dublin 2,  
D02 Y098

Optimising Power @ Work

**JOIN US AND  
GET INVOLVED**





**OPW**

Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

## Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú

Clár feasachta fuinnimh foirne  
OPW ar fud an stáit I gcomhair  
comhlachtaí poiblí





Clár feasachta fuinnimh foirne ar fud an stáit is ea Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú. Tá sé ag tacú le hiarrachtaí coigilte fuinnimh ár rannpháirtithe i bhfoirgnimh Rialtais Láir ó 2008 i leith agus sa Mhórearnáil Phoiblí ó 2014 i leith.

Tá sé mar aidhm ag an gclár, Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú, diomailt fuinnimh a shainaitint agus deireadh a chur léi.

Baintear é sin amach trí phlé leis an bhfoireann chun athrú iompraíochta a spreagadh agus rialtáin foirgnimh a bharrfheabhsú.

# Spriocanna

Tá sé mar aidhm ag Éirinn a bheith ina geilleagar neodracha carbóin faoin mbliain 2050. Chuige sin, ní mór feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí faoi 2030, de réir an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Leagann sé sin amach an comhthéacs don chlár, Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú, go dtí 2030.



**Feabhas 50%  
ar éifeachtúlacht  
fuinnimh faoi 2030**

# Dea-theist rathúlachta

**Coigilt 8% i mBliain 1**

**Coigilt 13% i mBliain 2**

**Coigilt 18% i mBliain 3**

Oibríonn Comhairleoirí Fuinnimh an chlár, Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú, leis an uile eagraíocht rannpháirteach chun spriocanna bliantúla SMART a leagan síos.

Maidir le foirgnimh i bpunann an Rialtais Láir, is iondúil go mbíonn meánchoigilt 8%, 13% agus 18% faoi seach le feiceáil iontu sna chéad trí bliana den chlár.

Bíonn coigilt níos lú le sonrú in earnálacha eile de ghnáth de bharr patrúin áitíochta agus samhla oibriúcháin éagsúla.



# Coigilt an fheachtais

Tá meánchoigilt bhliantúil 30% bainte amach sna 300 foirgneamh rannpháirteach ó cuireadh tús le clár an Rialtais Láir thiar sa bhliain 2008. Is é an feachtas is mó agus is rathúla dá leithéid in Éirinn é dá thairbhe.

Tá meánchoigilt bhliantúil 10% bainte amach sna 57 suíomh rannpháirteach ó cuireadh tús le feachtas na Mórearnála Poiblí in 2014.



# Cad atá speisialta faoin gclár, **Cumhacht ag an Obair** **a Bharrfheabhsú?**

Cuirtear uirlisí, gníomhaíochtaí agus struchtúir thacaíochta éagsúla ar fáil sa chlár a bhfuil mar aidhm acu scoth an taighde, na teicneolaíochta, na nuálaíochta agus na cruthaitheachta a thabhairt le chéile.

Baintear leas as na hacmhainní sin chun plean coigilte fuinnimh ar leith a chruthú do gach foirgneamh ina mbíonn teicneolaíocht, saineolas agus plé leis an bhfoireann le sonrú.

## Trí phríomhghné



Teicneolaíocht

Saineolas

Plé leis an bhFoireann



## 1 Teicneolaíocht

Suiteáiltear córais mhonatóireachta fuinnimh thiomnaithe d'fhonn ídiú leictreachais agus breosla a thaifeadh i bhfíor-am nach mór. A bhuíochas le gráinneacht na sonraí sin, táthar in ann díriú ar réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú sna foirgnimh rannpháirteacha.



# 2

## Saineolas

Pléann Comhairleoir Fuinnimh de chuid an chláir, Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú, le gach foirgneamh agus buaileann sé/sí leis an bhFoireann Fuinnimh go rialta. Tugann an Comhairleoir Fuinnimh léargas ar na háiteanna inar féidir coigilt fuinnimh a bhaint amach. Cuidíonn plé leis an bhfoireann, barrfheabhsú rialtán foirgnimh agus bearta eile gan chostas nó ar chostas beag chuige sin.



# 3

## Plé leis an bhFoireann

Tabharfar tacaíocht do d'Fhoireann Fuinnimh chun plé leis an bhfoireann, deireadh a chur le diomailt fuinnimh agus athrú iompraíochta a chur chun cinn. A bhuíochas lenár dtairseach fuinnimh, gheobhaidh tú teacht ar acmhainní iomadúla is féidir a íoslódáil. Caithfidh lucht bainistíochta agus foireann an fhoirgnimh páirt ghníomhach a ghlacadh sa tionscnamh má tá chun éirí leis an gclár.

# Moltaí rannpháirtithe

*“Is mór is fiú dúinn na cruinnithe míosúla lenár gcomhairleoir. Is mór an tairbhe dúinn go bhfuilim ábalta feidhmíocht m’fhoirgnimh a phlé leis an gcomhairleoir duine le duine.”*

*“Tá ídiú fuinnimh i gcroílár ár gcuid oibre de bharr an chláir, Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú, agus tá faireachán ar ídiú fuinnimh fite fuaite go daingean inár sreafaí oibre anois.”*

*“Chuidigh an clár, Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú, lenár n-eagraíocht diomailt fuinnimh a shainathint agus tharraing sé aird ar an tionchar dearfach is féidir le gach ball dár n-eagraíocht a imirt chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.”*

*“Seirbhís den scoth atá ann agus bíonn gach duine dírithe ar a bhfuil a úsáid agus a choigilt againn dá deasca.”*

*“Tá iompar ár bhfoirne tar éis athrú go mór agus chuamar i mbun feachtas rathúil chun ár mbonneagar fuinnimh a chur chun maitheasa. Maidir leis an gcoigilt a bhaineamar amach, ní bhainfimis amach í gan an tacaíocht ón gclár.”*

*“Tugann an Comhairleoir Fuinnimh seo againne faoi iniúchtaí agus cuireann sé tuarascálacha i dtoll a chéile chomh maith. Ar an ábhar sin, feictear bealaí inar féidir fuinneamh a choigilt — go minic is athruithe simplí a bhíonn i gceist, athruithe nach mbeimis ar an eolas fúthu gan a chuid comhairle.”*

*“Is mór agam an tacaíocht a fuairamar ón gComhairleoir Fuinnimh. Is é an t-eolas seo agatsa i ndáiríre an t-eolas uile a thugaimid dár bhfoireann agus bíonn an post níos fusa dá bharr sin. Is é an Comhairleoir Fuinnimh an ceann feadhna.”*



“



”

# Céim 1

- ✓ Tacaíocht ó Chomhairleoir Fuinnimh
- ✓ Cruinnithe míosúla leis an gComhairleoir
- ✓ Tuarascálacha fuinnimh míosúla
- ✓ Tuarascáil fuinnimh bhliantúil
- ✓ Logálaithe faireacháin fuinnimh
- ✓ Teacht ar bhunachar sonraí CEDaR
- ✓ Iniúchtaí BMS
- ✓ Iniúchtaí taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre
- ✓ Iniúchadh fuinnimh foirgnimh (Rialtas Láir amháin)
- ✓ Clár na ndeiseanna coigilte arna thiomsú
- ✓ Tacaíocht faoi choinne staidéir féidearthachta
- ✓ Plean feachtais bliantúil
- ✓ Imeachtaí plé leis an bhfoireann ar an suíomh
- ✓ Imeachtaí plé leis an bhfoireann ar líne
- ✓ Cuir i láthair/oiliúint foirne
- ✓ Teacht ar Thairseach Fuinnimh
- ✓ Síntiús le Ríomhfheasachán
- ✓ Comórtais náisiúnta coigilte fuinnimh
- ✓ Fócasghrúpaí

# Céim 2

- ✓ Tacaíocht ó Chomhairleoir Fuinnimh
- ✓ Cruinnithe ráithiúla leis an gComhairleoir
- ✓ Tuarascálacha fuinnimh ráithiúla
- ✓ Tuarascáil fuinnimh bhliantúil
- ✗ Logálaithe faireacháin fuinnimh
- ✗ Teacht ar bhunachar sonraí CEDaR
- ✓ Iniúchtaí BMS
- ✓ Iniúchtaí taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre
- ✗ Iniúchadh fuinnimh foirgnimh (Rialtas Láir amháin)
- ✗ Clár na ndeiseanna coigilte arna thiomsú
- ✗ Tacaíocht faoi choinne staidéir féidearthachta
- ✓ Plean feachtais bliantúil
- ✗ Imeachtaí plé leis an bhfoireann ar an suíomh
- ✓ Imeachtaí plé leis an bhfoireann ar líne
- ✗ Cuir i láthair/oiliúint foirne
- ✓ Teacht ar Thairseach Fuinnimh
- ✓ Síntiús le Ríomhfheasachán
- ✗ Comórtais náisiúnta coigilte fuinnimh
- ✗ Fócasghrúpaí

# Céim 3

- ✓ Teacht ar Thairseach Fuinnimh
- ✓ Síntiús le Ríomhfheasachán

Tá trí chéim i gceist leis an rannpháirtíocht sa chlár, Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú, ag brath ar chumas coigilte fuinnimh agus ídiú fuinnimh bliantúil gach áise.



**OPW**

Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

Téigh i dteagmháil linn más spéis leat níos mó eolais a fháil faoin gcaoi ar féidir le d'eagraíocht iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa chlár, Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú.

Féach ar: [www.opw-energy.ie](http://www.opw-energy.ie)

Cuir ríomhphost chuig: [info@opw-energy.ie](mailto:info@opw-energy.ie)

Foirm Iarratais ar Líne

An tAonad um Chaomhnú Fuinnimh,  
Oifig na nOibreacha Poiblí,  
1GQ, Cé Sheirse, Baile Átha Cliath 2,  
D02 Y098

Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú

**BÍ LINN AGUS  
BÍ PÁIRTEACH**

